Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2023 (OR. en)**

**13951/23**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0810(NLE)**

**CO EUR-PREP 35**
**INST 384**
**UEM 271**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le ceapachán Comhalta de Choiste Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh |

1. An 19 Nollaig 2019, ceapadh Fabio PANETTA ina Chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh ón 1 Eanáir 2020 i leith ar feadh téarma oifige 8 mbliana[1].

2. An 12 Iúil 2023, i litir uaidh, chuir Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh in iúl d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí cinneadh Fabio PANETTA éirí as a phost ón 1 Samhain 2023[2].

3. An 19 Meán Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle, de bhun Airteagal 283(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, moladh chuig an gComhairle Eorpach maidir le Piero CIPOLLONE a cheapadh mar chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh ar feadh téarma oifige 8 mbliana le héifeacht ón 1 Samhain 2023[3].

[1] Cinneadh (AE) 2019/2190 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena gceaptar beirt chomhaltaí de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh (IO L 330, 20.12.2019, lch. 52).
[2] 11802/1/23 REV 1.
[3] Moladh ón gComhairle an 19 Meán Fómhair 2023 maidir le ceapachán comhalta de Choiste Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh (IO C 334, 22.9.2023, lch. 1).

4. An 25 Meán Fómhair 2023, chuaigh an Chomhairle Eorpach i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh maidir le ceapachán Piero CIPOLLONE mar Chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh.

5. Thug Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh a tuairim uaithi an 27 Meán Fómhair 2023[4].

6. Thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi an 17 Deireadh Fómhair 2023[5].

7. Dá bhrí sin, cuirtear Coiste na mBuanionadaithe agus an Chomhairle ar an eolas go ndearnadh na ceanglais nós imeachta uile chun go bhféadfaidh an Chomhairle Eorpach an Cinneadh lena gceaptar Piero CIPOLLONE mar chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh a ghlacadh ar feadh téarma oifige 8 mbliana le héifeacht ón 1 Samhain 2023, mar a leagtar amach in EUCO 19/23 é.

---

[4] 13512/23.
[5] 14297/23.